



---

*Uimhir 32 de 2006*

---

**AN tACHT UM CHOMHAONTÚ NA BREATAINE-NA  
hÉIREANN (LEASÚ) 2006**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.
2. Leasú ar an bPríomh-Acht.
3. Leasú ar an Sceideal a ghabhann le hAcht 1999.
4. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú, agus tosach feidhme.

**AN SCEIDEAL**

**TÉACSANNA LITREACHA ARNA MALARTÚ IDIR RIALTAS NA hÉIREANN  
AGUS RIALTAS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS  
THUAISCEART ÉIREANN LENA nDÉANTAR COMHAONTÚ FORLÍONTACH  
2006.**

---

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 2006.* [2006.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999	1999, Uimh. 1
Na hAchtanna um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 1999 go 2005	
An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 1999	1999, Uimh. 16



---

*Uimhir 32 de 2006*

---

**AN tACHT UM CHOMHAONTÚ NA BREATAINE-NA  
hÉIREANN (LEASÚ) 2006**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ I nDÁIL LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR RIALTAS NA hÉIREANN AGUS RIALTAS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN ARNA DHÉANAMH LE MALARTÚ LITREACHA DAR DÁTA AN 25 IÚIL 2006 AGUS AN 25 IÚIL 2006, AGUS, CHUN NA CRÍCHE SIN, DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE I nDÁIL LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR RIALTAS NA hÉIREANN AGUS RIALTAS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN AG BUNÚ COMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE ARNA DHÉANAMH I mBAILE ÁTHA CLIATH AN 8 MÁRТА 1999, AGUS DO LEASÚ AN ACHTA UM CHOMHAONTÚ NA BREATAINE-NA hÉIREANN 1999.

*[11 Nollaig, 2006]*

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—San Acht seo—**

Míniú.

ciallaíonn “Acht 1999” an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 1999;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.

**2.—Leasaítear an Príomh-Acht—**

Leasú ar an  
bPríomh-Acht.

(a) in alt 2(1)—

- (i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an Comhaontú forlíontach” (a cuireadh isteach le halt 2(a) d’Acht 1999):

“ciallaíonn ‘Comhaontú forlíontach 1999’ an Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann arna dhéanamh leis an malartú litreacha dar dáta an 18 Meitheamh 1999, agus an 18 Meitheamh 1999, a bhfuil a dtéacsanna leagtha amach

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 2006.* [2006.]

sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 1999;”, agus

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Comhaontú forlíontach 2006’ an Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann arna dhéanamh leis an malartú litreacha dar dáta an 25 Iúil 2006 agus an 25 Iúil 2006, a bhfuil a dtéacsanna leagtha amach sa *Sceideal* a ghabhann leis an *Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 2006.*”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4) d’alt 23 (a cuireadh isteach le halt 2(b) d’Acht 1999):

“(4) Déanfar Cuid 4 de gach ceann de na hIarscríbhinní dá dtagraítear san alt seo a fhorléiriú de réir Chomhaontú forlíontach 1999 agus de réir Chomhaontú forlíontach 2006.”.

Leasú ar an Sceideal a ghabhann le hAcht 1999.

**3.**—Leasaítear an Sceideal a ghabhann le hAcht 1999 trí na focail “COMHAONTÚ FORLÍONTACH 1999” a chur in ionad “AN COMHAONTÚ FORLÍONTACH”.

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú, agus tosach feidhme.

**4.**—(1) Féadfar an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 2006 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 go 2006 a ghairm de na hAchtanna um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 go 2005 agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

[2006.] *An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 2006.* [Uimh. 32.]

AN SCEIDEAL

Alt 2.

TÉACSANNA LITREACHA ARNA MALARTÚ IDIR RIALTAS NA HÉIREANN  
AGUS RIALTAS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS  
THUAISCEART ÉIREANN LENA NDÉANTAR COMHAONTÚ FORLÍONTACH  
2006.

25 July 2006

Mr Dermot Ahern TD

Minister for Foreign Affairs

I have the honour to refer to

— the Agreement between the Government of Ireland and the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland establishing Implementation Bodies done at Dublin on 8 March 1999 (hereinafter referred to as “the Implementation Bodies Agreement”); and

— the Supplementary Agreement between the Government of Ireland and the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland constituted by the exchange of letters dated 18 June 1999; and

— The Agreement between the Government of Ireland and the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland constituted by the exchange of notes dated 19 November 2002

I have the honour to refer also to recent discussions between our two Governments concerning the interpretation of the terms “Community Initiatives”, “Initiatives” and “CIs” in Part 4 of Annex 1 and Part 4 of Annex 2 to the Implementation Bodies Agreement.

It is the understanding of my Government that it was the joint intention of our two Governments that the aforementioned terms would include any successors to, equivalents of or substitutes for such Initiatives within or building on the substantive objectives, priorities, policy areas and activities covered by the Community Initiatives established within the framework of the European Community’s Structural Funds and should be construed accordingly.

If this is also the understanding of your Government, I have the honour to propose that this letter and your reply in the affirmative shall constitute an Agreement between our two Governments concerning the interpretation of these terms which shall enter into force on the date of your reply.

Rt Hon Peter Hain MP

Secretary of State for Northern Ireland

25 July 2006

Rt Hon Peter Hain MP

Secretary of State for Northern Ireland

I have the honour to refer to your letter of 25 July 2006 concerning the interpretation of certain terms contained in the Agreement

Sc.

[Uimh. 32.] *An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (Leasú) 2006.* [2006.]

between the Government of Ireland and the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland establishing Implementation Bodies done at Dublin on 8 March 1999.

I have the honour to confirm that it is the understanding of my Government that it was the joint intention of our two Governments for the terms as specified in your letter to include any successors to, equivalents of or substitutes for such Initiatives within or building on the substantive objectives, priorities, policy areas and activities covered by the Community Initiatives established within the framework of the European Community's Structural Funds and should be construed accordingly.

I have the honour to confirm, therefore, that this letter and your letter shall constitute an Agreement between our two Governments which will come into force today.

Mr Dermot Ahern TD  
Minister for Foreign Affairs